

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
EARRACH 2022
Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Seomra Deas

Bhí áthas ar Mhoya gur shocraigh sí an deireadh seachtaine a chaitheamh ar Árainn Mhór. Bhí sí an-sásta freisin gur éirigh léi lóistín a fháil sa teach, ‘Súil le Muir’. Bhí cuma an-deas ar an teach. Ar an dá thaobh den chosán, idir an geata beag adhmaid agus an doras tosaigh, bhí plásóg féir an-deas. Bhí bláthanna ildaite sa bhláthbhosca ar leic na fuinneoige ar deis.

Bhí an taobh istigh den teach chomh deas céanna. Bhí an t-ádh le Moya gur thug fear an tí seomra deas geal di. Shiúil Moya díreach chuig an bhfuinneog agus scar sí na cuirtíní. Is ea. Bhí amharc aici ar an bhfarraige. Chas sí timpeall. Bhí an seomra go deas freisin. Bhí achan rud go deas néata. Bhí leaba bhreá mhór aici, *en suite* agus teilifíseán beag ar sheilf ar an bhalla.

“Ní chaithfidh mé mórán ama ag amharc air sin,” arsa Moya léi féin.

Canúint Chonnacht

Teach i gConamara

Sheas Peadar lasmuigh de shiopa an cheantálaí. D’fhéach sé san fhuinneog. Bhí pictiúir de go leor tithe san fhuinneog. D’aithin sé roinnt de na tithe. Bhí siad feicthe aige ar a bhealach ó Ghailimh. D’oscail Peadar doras shiopa an cheantálaí, shiúil sé isteach agus dhún sé an doras ina dhiaidh. Bhí an ceantálaí ar an bhfón. Bhí go leor bróisiúir ar an mballa agus thosaigh Peadar ag breathnú orthu. “An féidir liom cabhrú leat, a dhuine uasail?” arsa an ceantálaí agus an fón á leagan síos aige.

“Táim ag smaoineamh ar theach a cheannach sa cheantar seo,” arsa Peadar.

“Bhuel anois,” arsa an ceantálaí, “an teach sin a bhfuil tú ag féachaint air anois! Níl teach níos deise ná é i gCois Fharraige. Is teach nuathógtha é. Is fear áitiúil é an t-úinéir ach tá sé ag dul ar ais go Meiriceá. Ní thaitníonn Conamara lena bhean chéile. An iomarca báistí.”

Canúint na Mumhan

An Tús agus an Deireadh

Bhí Muiris tar éis an chéad bhliain a dhéanamh san ollscoil. Shocraigh sé laethanta saoire an tsamhraidh a chaitheamh i mBoston ag imirt peile le Gaeil Chonamara. Ar a chéad lá i mBoston, sa chéad nóiméad, sa chéad chluiche, ghortaigh Muiris a rúitín. Thóg Bainisteoir Ghaeil Chonamara go dtí an t-ospidéal é tar éis an chluiche. Rinne na dochtúirí x-gathú ar a rúitín agus dheimhnigh siad go raibh a rúitín briste. D’fhág Muiris an t-ospidéal an tráthnóna sin ar mhaidí croise agus plástar Pháras ar a chos suas go dtí an ghlúin.

Bhí a fhios ag Muiris céard a bhí tarlaithe. Ní bheadh sé in ann imirt le Gaeil Chonamara agus ní bheadh sé in ann tosú sa phost a bhí ag Seán Ó Maille dó. Bhí deireadh lena shamhradh. Bheadh air dul abhaile.

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Seomra Deas

1. Cé air a raibh áthas?
2. Cén t-ainm a bhí ar an teach ina bhfuair Moya lóistín?
3. Céard a bhí ag fás sa bhláthbhosca ar leic na fuinneoige?
4. Céard air a raibh amharc ag Moya óna seomra?
5. Cá raibh an teilifíseán?

Canúint Chonnacht

Teach i gConamara

1. Cé a sheas lasmuigh de shiopa an cheantálaí?
2. Céard a bhí san fhuinneog?
3. Cé a bhí ar an bhfón?
4. Céard a bhí ar an mballa i siopa an cheantálaí?
5. Cén fáth nach dtainíonn Conamara le bean chéile úinéir an tí?

Canúint na Mumhan

An Tús agus an Deireadh

1. Cé a bhí tar éis an chéad bhliain a dhéanamh san ollscoil?
2. Cén áit ar shocraigh Muiris an samhradh a chaitheamh?
3. Cén t-ainm a bhí ar an gclub peile?
4. Céard a ghortaigh Muiris?
5. Cé a dheimhnigh go raibh a rúitín briste?